Cainteanna sa Tuaisceart

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chainteanna atá ar siúl idir na príomhpháirtithe sa Tuaisceart. Sula bhféachann tú ar an mír, cuir féin agus an duine in aice leat Gaeilge ar na teidil seo a leanas:

The Minister for Foreign Affairs
The First Minister
The Deputy First Minister
The Prime Minister

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail agus frásaí seo? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- future
- negotiations
- Social Welfare affairs
- representatives
- promise
- more funding
- hopeful
- blow / hit
- Downing Street issued
- rapid decision

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cé ar fad atá ag glacadh páirte sna cainteanna?
2. Cén fáth a bhfuil an cur agus an cúiteamh ar siúl?
3. Cad iad na mórcheisteanna atá á bplé le linn na gcainteanna?
4. Cén toradh a bhí ar na cainteanna idir an Taoiseach agus Príomh-Aire na Breataine?

Ceist 4 **A**. Éist leis an mír arís, agus breac síos na samplaí a chloiseann tú inti den aimsir fháistineach agus den mhodh coinníollach.

An Aimsir Fháistineach	An Modh Coinníollach

B. Bain úsáid as na briathra seo chun deirí na n-aimsirí sin a chur in iúl.

	An Aimsir Fháistineach	An Modh Coinníollach
cuir		
dún		
imigh		
ceannaigh		

Ceist 5 Cuir an t-alt roimh na hainmfhocail seo a bhí sa mhír. Bain úsáid as na rialacha sa bhosca thíos chun cabhrú leat. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

aire, cruinniú, Taoiseach, mí, idirbheartaíocht, mórcheist, cinneadh, polaiteoir, áit, seachtain

	Firinscneach	Baininscneach
Ainmfhocail a thosaíonn le guta	an t-ualach	an áit
Ainmfhocail a thosaíonn le consan	an cóta	an chúis
Ainmfhocail a thosaíonn le ***s***	an seomra	an tsráid
Ainmfhocail a thosaíonn le ***d*** nó ***t***	an deartháir an teach	an deirfiúr an teachtaireacht

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An bhfuil mórán suime agat féin i stair an Tuaiscirt? Cén fáth?
2. Ar mhaith leat dá mbeadh Éire aontaithe lá éigin, is é sin go mbeadh An Tuaisceart mar chuid de Phoblacht na hÉireann? Cén fáth?
3. Cén fáth ar mhaith leis an mBreatain imeacht ón Eoraip, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

The Minister for Foreign Affairs – *an tAire Gnóthaí Eachtracha*
The First Minister – *an Chéad-Aire*
The Deputy First Minister – *an LeasChéad-Aire*
The Prime Minister – an Príomh-Aire

Ceist 2
Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

future – *todhchaí*
negotiations – *idirbheartaíocht*
Social Welfare affairs – *cúrsaí Leasa Shóisialaigh*
representatives – *ionadaithe*
promise – *gealltanas*
more funding – *níos mó maoinithe*
hopeful – *dóchasach*
blow / hit – *buille*
Downing Street issued – *d'eisigh Downing Street*
rapid decision – *réiteach sciobtha*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
A

An Aimsir Fháistineach	An Modh Coinníollach
beidh, go dtabharfaidh, go gcuirfidh, a dtiocfar*, go mbainfear, go dtiocfar, a mbuailfidh	a d'fhéadfadh, dá n-imeodh

**a thiocfar* a deirtear sa mhír

B

	An Aimsir Fháistineach	An Modh Coinníollach
cuir	cuirfidh mé cuirfidh tú cuirfidh sé cuirfidh sí cuirfimid cuirfidh sibh cuirfidh siad cuirfear	chuirfinn chuirfeá chuirfeadh sé chuirfeadh sí chuirfimis chuirfeadh sibh chuirfidís chuirfí
dún	dúnfaidh mé dúnfaidh tú dúnfaidh sé dúnfaidh sí dúnfaimid dúnfaidh sibh dúnfaidh siad dúnfar	dhúnfainn dhúnfá dhúnfadh sé dhúnfadh sí dhúnfaimis dhúnfadh sibh dhúnfaidís dhúnfaí

imigh	imeoidh mé imeoidh tú imeoidh sé imeoidh sí imeoimid imeoidh sibh imeoidh siad imeofar	d'imeoinn d'imeofá d'imeodh sé d'imeodh sí d'imeoimis d'imeodh sibh d'imeoidís d'imeofaí
ceannaigh	ceannóidh mé ceannóidh tú ceannóidh sé ceannóidh sí ceannóimid ceannóidh sibh ceannóidh siad ceannófar	cheannóinn cheannófá cheannódh sé cheannódh sí cheannóimis cheannódh sibh cheannóidís cheannófaí

Ceist 5
*an t-aire (*the minister*); an aire (*the care/attention*)*
an cruinniú
an Taoiseach
an mhí
an idirbheartaíocht
an mhórcheist
an cinneadh
an polaiteoir
an áit
an tseachtain

Ceist 6
Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Tá an cur agus cúiteamh faoi thodhchaí pholaitiúil Thuaisceart Éireann ag leanacht[1] go tréan an tseachtain seo. Tá an tAire Gnóthaí Eachtracha, Charlie Flanagan, i Stormont inniu, agus anocht beidh cruinnithe ag an Taoiseach, Enda Kenny, leis an gCéad-Aire, Peter Robinson, agus leis an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness.

Caoimhe Ní Laighin
Lé dhá mhí anuas tá idirbheartaíocht ar siúl idir na cúig phríomhpháirtí i dTuaisceart Éireann. Tá cúpla mórcheist mar chúlra ag na cainteannaí[2] seo. Ceisteannaí[3] maidir le, an bhfuil an lucht paraimíleatach fós ag gníomhú nó nach bhfuil? Ceisteannaí maidir le cúrsaí airgeadais agus buiséid; agus ceisteannaí maidir le cúrsaí Leasa Shóisialaigh. Tá tús curtha anois leis an gcéim dheireanach de na cainteannaí seo. Bhuail Príomh-Aire na Breataine, David Cameron, leis an gCéad-Aire, Peter Robinson, agus an LeasChéad-Aire, Martin Mc Guinness, Dé hAoine, agus inniu bhí ionadaithe ón gcúig pháirtí agus ón dá rialtas i mbun cainteannaí ag Stormont. Seo é an tAire Gnóthaí Eachtracha, Charlie Flanagan, ag dul isteach i Stormont ar maidin. Tá sé tugtha le fios go bhfuil na páirtithe ag iarraidh go dtabharfaidh an dá rialtas gealltanas go gcuirfidh siad níos mó maoinithe ar fáil mar chuid d'aon réiteach a dtiocfar[4] air. Tá rialtas na hÉireann dóchasach go mbainfear amach réiteach an tseachtain seo.

An Taoiseach, Enda Kenny
Tá mé dóchasach. Tá neart cuntas tugtha dom ón Aire Gnóthaí Eachtracha, Charlie Flanagan, agus tá súil agam go bhfuil an cinneadh beagnach déanta ag na polaiteoirí.

Caoimhe Ní Laighin
Bhí an Taoiseach i Londain inniu, áit ar labhair sé faoin mbuille a d'fhéadfadh a bheith ann don Tuaisceart dá n-imeodh an Bhreatain ón Eoraip. Bhuail an Taoiseach ansin le David Cameron. I ráiteas a d'eisigh Downing Street tar éis an chruinnithe, dúradh gur pléadh ag an gcruinniú, *commitment* an dá rialtas d'institiúidí polaitiúla an Tuaiscirt. Agus leag siad béim ar chomh tábhachtach is atá sé go dtiocfar ar réiteach sciobtha sna cainteannaí seo. Tá Enda Kenny anois ag tabhairt aghaidh ar Stormont, áit a mbuailfidh sé le Peter Robinson agus Martin Mc Guinness anocht.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.

[1] *ag leanúint* an leagan caighdeánach
[2] *cainteanna* an leagan caighdeánach
[3] *ceisteanna* an leagan caighdeánach
[4] *a thiocfar* a deirtear sa mhír